# Bí páirteach inár bhFís do na healaíona i nGaillimh

## GAIRM OSCAILTE DO CHOMHALTAÍ BOIRD



*Beautiful Apocalypse* Miriam de Búrca / Photography: Tom Flanagan

GALWAY'S HOME OF THE ARTS
47 DOMINICK STREET &
NUNS ISLAND THEATRE

# RÉAMHRÁ





Photography: Tom Flanagan

**Go raibh maith agat as an spéis atá léirithe agat a bheith ar Bhord Stiúrtha Ionad Ealaíon na Gaillimhe.**

Tá Ionad Ealaíon na Gaillimhe ag iarraidh léirithe spéise ó chomhaltaí nua deonacha a bhfuil scileanna, taithí, dearcthaí agus líonraí acu a chuideoidh leis an eagraíocht sa tréimhse tábhachtach seo dá forbairt.

Bunaíodh Ionad Ealaíon na Gaillimhe i 1982 agus tá sé ar cheann de na hionaid ealaíon ildisciplíneacha is mó in Éirinn. Tugann muid rochtain ar na healaíona ar feadh na bliana trí chláir a bhaineann leis na hamharc-ealaíona, an litríocht, an drámaíocht, na healaíona don óige, na féilte, an ceol, an taibhiú, an rannpháirtíocht phoiblí agus an fhorbairt ghairmiúil.

Bíonn muid ag obair le healaíontóirí chun lucht féachana a chruthú, a ndúshlán a thabhairt, agus iad a nascadh le healaíona áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta den scoth a spreagann smaointe nua agus bealaí nua le breathnú ar an saol.

Agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe ag tabhairt faoi chéim nua den fhorbairt straitéiseach, eagrúcháin agus chaipitil, tá comhaltaí Boird uainn a chabhróidh leis an eagraíocht a threorú, a thacóidh léi agus a bheidh in ann labhairt ar a son agus í á forbairt mar institiúid chultúrtha atá ríthábhachtach do Ghaillimh, d'Iarthar na hÉireann agus d'earnáil na n-ealaíon i gcoitinne.

Fáilteofar go háirithe roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí, taithí saoil, dearcthaí agus saineolas de chineálacha éagsúla acu, lena n-áirítear iad siúd atá faoi ghannionadaíocht i láthair na huaire ar bhoird agus sa gceannaireacht chultúrtha.

Is é an **18 Meán Fómhair 2026** an spriocdháta le haghaidh léirithe spéise.

# MAIDIR LE HIONAD EALAÍON NA GAILLIMHE

Is eagraíocht ealaíon ildisciplíneach neamhbhrabúis é Ionad Ealaíon na Gaillimhe atá lonnaithe i gcathair na Gaillimhe. Clúdaionn ár gcuid oibre na hamharcealaíona, an drámaíocht, an litríocht, na healaíona don óige, cláir phoiblí, féilte, cónaitheachtaí, forbairt ealaíontóirí agus rannpháirtíocht an phobail.

Tá an eagraíocht ag obair faoi láthair i spásanna tábhachtacha éagsúla agus ar chláir cultúrtha éagsúla, ina measc 47 Sráid Dhoiminic, Amharclann Oileán Altanach, Amharclann Óige na Gaillimhe, Red Bird Youth Collective and An Fhéile Idirnáisiúnta Litríochta, Cúirt. Tá ról lárnach ag Ionad Ealaíon na Gaillimhe ó thaobh tacú leis na healaíontóirí, an lucht féachana, na daoine óga, na pobail agus na comhpháirtithe cultúrtha ar fud chathair na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile.

Tá Ionad Ealaíon na Gaillimhe á rialú ag Bord de Stiúrthóirí deonacha agus tá sé tiomanta don dea-rialachas, trédhearcacht, cuntasacht agus do Chód Rialachais an Rialálaí Carthanas. Is carthanas cláraithe agus cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Ionad Ealaíon na Gaillimhe.

Is féidir tuilleadh eolais faoi rialachas, plean straitéiseach agus beartais Ionad Ealaíon na Gaillimhe a fháil ar shuíomh gréasáin Ionad Ealaíon na Gaillimhe, lena n-áirítear;

Galway Arts Centre Board and Governance
Galway Arts Centre Strategic Plan 2020–2025
Child and Vulnerable Adult Protection Policy 2025–2027
Galway Arts Centre Equity, Diversity and Inclusion Policy
Galway Arts Centre Equity, Diversity and Inclusion Action Plan 2024–2026
Galway Arts Centre Environmental Policy and Climate Action Plan 2025–2027
Galway Arts Centre Health and Safety Statement of Intent
Galway Arts Centre Health and Safety Statement
Galway Arts Centre Data Protection Policy

### ÁR MBORD AGUS ÁR BHFOIREANN

Tá CLG Ionad Ealaíon na Gaillimhe á rialú ag Bord ar a bhfuil Stiúrthóirí deonacha, a chuireann maoirseacht staitéiseach ar fáil agus a thacaíonn le rialachas, cuntasacht agus forbairt fhadtéarmach na heagraíochta. Oibríonn an Bord go dlúth leis an Stiúrthóir, leis an gCoimeádaí, leis an bhfoireann shinsearach agus leis an bhfoireann ina hiomláine chun tacú le hobair ealaíonta, straitéiseach agus oibríochtúil Ionad Ealaíon na Gaillimhe sna cláir, sna hionaid agus na comhpháirtíochtaí atá aige.

Tá tuilleadh eolais faoi Bhord, rialachas, comhlacht agus beartais eagrúcháin Ionad Ealaíon na Gaillimhe ar fáil anseo:
Bord agus Rialachas Ionad Ealaíon na Gaillimhe

Tiocfaidh tú ar bhreis eolais faoi fhoireann Ionad Ealaíon na Gaillimhe anseo freisin:
Ionad Ealaíon na Gaillimhe Ár bhFoireann

tá sé ar cheann de na hionaid ealaíon ildisciplíneacha is mó in Éirinn





*Whistling in the Dark* Ruby Wallis / Photography: Tom Flanagan

# ÁR BHFÍS AGUS ÁR LUACHANNA

Oibríonn Ionad Ealaíon na Gaillimhe leis na healaíontóirí, an lucht féachana, na daoine óga agus na pobail chun spás le haghaidh turgnamh, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirtíocht pobail den scoth a chruthú. Tá ár gcuid oibre faoi thionchar ár dtiomantas i leith:

## UAILLMHIAN AGUS TURGNAMH EALAÍONTA

Tugann muid tacaíocht d'ealaíontóirí ionas go bhféadfaidh siad obair uaillmhianach a fhorbairt, a thástáil agus a chur i láthair sna disciplíní éagsúla rud a spreagann smaointe, cleachtais agus bealaí nua leis an gcultúr a léiriú.

## ROCHTAIN, CUIMSIÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Tá muid tiomanta don rochtain ar na healaíona a leathnú amach agus spásanna atá fáilteach agus cuimsitheach a chruthú d'ealaíontóirí, don lucht féachana, do na rannpháirtithe agus do na pobail.

## NA HEALAÍONA DON ÓIGE AGUS AN FHORBAIRT CHRUTHAITHEACH

Tá Ionad Ealaíon na Gaillimhe ag gníomhú chun tacú le páistí agus le daoine óga ar fud chathair agus chontae na Gaillimhe trí Amharclann Óige na Gaillimhe, Red Bird Youth Collective agus ár gComhairle Óige. Pléitear le gach páiste agus gach duine óg mar ealaíontóir luath-chéime agus breathnaíonn muid ar gach páiste agus duine óg mar ealaíontóir atá i dtús a ghairme, ionas go bhféadfaidh siad smaointeoireacht chruthaitheach, muinín agus spéis fad saoil sna healaíona a fhorbairt.

## COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHOIBRIÚ

Oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí, eagraíochtaí cultúrtha, maoinitheoirí, comhlachtaí cathartha, institiúidí oideachais agus pobail chun tacú le héiceolaíocht chultúrtha atá láidir agus nasctha.

## COTHROMAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Tá muid tiomanta don chothromas, don éagsúlacht agus don chuimsiú a leabú inár n-eagraíocht, ár gcláir, ár mbeartais agus inár gcleachtais ar fad.

## INBHUANAITHEACHT AGUS FREAGRACHT

Glacann muid leis an gcúram atá ar eagraíochtaí cultúrtha freagairt don ghéarchéim aeráide agus bealaí oibre níos inbhuanaithe a leabú ina n-oibríochtaí agus ina gcláir.

## BONNEAGAR CULTÚRTHA AGUS TIONCHAR AR AN GCATHAIR

Tá Ionad Ealaíon na Gaillimhe tiomanta do na bonneagair chultúrtha a fhorbairt go fadtéarmach i nGaillimh, agus tacaíocht á thabhairt do na healaíontóirí agus don lucht féachana trí mhúnla dinimiciúil d'ionad ealaíon atá bunaithe ar il-ionaid.



Magdalena Hylak, Dance Artist in Residence
Photography: Tom Flanagan

# CÉ ATÁ UAINN

Tá Ionad Ealaíon na Gaillimhe sa tóir ar bhaill nua deonacha a bhfuil scileanna, tuiscint, taithí, agus tiomantas ábhartha acu le roinnt leis an eagraíocht.

Tá suim ar leith againn cloisteáil ó dhaoine a bhfuil taithí acu i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht ealaíon agus ceannaireacht chultúrtha
- Polasaí ealaíon, polasaí poiblí nó straitéis don chultúr
- Tiomsú airgid, daonchairdeas, urraíocht nó giniúint ioncaim
- Forbairt chaipitil, foirgnimh, ailtireacht, oidhreacht nó tionscadail bhonneagair
- Bonneagar cultúrtha le haghaidh ilionaid, campais chultúrtha a fhorbairt nó bainistíocht a dhéanamh ar ionad ealaíon
- Pleanáil straitéiseach agus forbairt eagraíochta
- Cothromas, éagsúlacht agus cuimsiú
- Na healaíona don óige, oideachas ealaíon nó an fhoghlaim chruthaitheach
- Rialachas, comhlíonadh carthanais nó bainistíocht riosca
- Maoirseacht airgeadais, pleanáil ghnó nó fiontraíocht a fhorbairt
- Cumarsáid, abhcóideacht, gnóthaí poiblí nó plé le páirtithe leasmhara
- Inbhuanaitheacht an chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide
- Rannpháirtíocht nó rochtain an phobail nó cleachtas rannpháirtíochta sóisialta

Ní gá go mbeadh taithí ag duine ar a bheith ar Bhord cheana. Beidh fáilte roimh dhaoine a bheadh ag smaoineamh ar a bheith ina gcomhalta de Bhord den chéad uair agus cuirfear ionduchtú agus an tacaíocht chuí ar fáil againn dóibh seo. Tá suim againn go háirithe i ndaoine a bhfuil dearcthaí nó taithí saoil difriúla acu, nó líonraí réigiúnacha, náisiúnta nó idirnáisiúnta agus atá an-díograsach maidir le ról na n-ealaíon sa saol poiblí.

Tá ról lárnach ag Ionad Ealaíon na Gaillimhe ó thaobh tacú leis na healaíontóirí, an lucht féachana, na daoine óga, na pobail agus na comhpháirtithe cultúrtha ar fud chathair na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile



*Róis* Disquiet Nights / Photography: Tom Flanagan



*Animal Farm* Galway Youth Theatre / Photography: Declan Colohan





Above: ***Druthaibs Ball***
Right: ***Pride March Performance Event***
**Array Collective**
Photography: Tom Flanagan

# ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Tá Ionad Ealaíon na Gaillimhe tiomanta do bheith ina eagraíocht chuimsitheach mar a bhaineann lenár mBord, ár bhfoireann, ár n-ealaíontóirí, ár rannpháirtithe, ár gcomhpháirtithe agus ár lucht féachana.

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine a thagann ó gach cineál cúlra agus ba bhreá linn go háirithe léirithe spéise a fháil ó dhaoine atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair i gcúrsaí rialachais agus sa gceannaireacht chultúrtha, ina measc daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí ciniúla agus mionlaigh eitneacha, baill den Lucht Siúil, daoine LADTA+, daoine a bhfuil cúlra lucht oibre acu, daoine níos óige, daoine atá suas sna blianta, agus daoine atá tar éis idirdhealú nó eisiamh a fhulaingt.

Tuigeann muid gur iomaí sin bealach a d'fhéadfadh daoine saineolas a chur ar fáil, lena n-áirítear trí thaithí ghairmiúil, taithí saoil, obair dheonach, cleachtas cruthaitheach agus abhcóideacht.



Clúdaionn ár gcuid oibre na hamharcealaíona, an drámaíocht, an litríocht, na healaíona don óige, cláir phoiblí, féilte, cónaitheachtaí, forbairt ealaíontóirí agus rannpháirtíocht an phobail



Top: ATU Master of Arts in Creative Practice Group Exhibition, Taïm Haimet, Artist in Residence 24-25
Above: ***Druthaibs Ball*, Array Collective** / Photography: Tom Flanagan

# RÓL AN BHOIRD

Tá Bord Ionad Ealaíon na Gaillimhe freagrach i dteannta a chéile as rialachas, treo straitéiseach agus inbhuanaitheacht na heagraíochta go fadtéarmach.

Oibríonn baill an Bhoird go dlúth leis an Stiúrthóir, leis an bhfoireann sinsearach agus le baill eile an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil Ionad Ealaíon na Gaillimhe á reáchtáil go gairmiúil, go bhfuil sé freagrach ó thaobh airgeadais de, comhlíontach ó thaobh dlí agus in ann a mhisean a chomhlíonadh.

I measc na bhfreagrachtaí atá ar an mBord tá:

- Cabhrú le fís, misean agus straitéis Ionad Ealaíon na Gaillimhe a fhorbairt agus a sheachadadh
- An dea-rialachas a chinntiú agus féachaint chuige go gcomhlíontar an dlí a bhaineann le carthanais agus cuideachtaí
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais, ar riosca agus ar inbhuanaitheacht na heagraíochta
- Tacú le caipitil na heagraíochta a fhobairt agus cabhrú lena huaillmhianta i dtaca le bonneagair
- Feidhmiú mar abhcóidí agus mar ambasadóirí d'Ionad Ealaíon na Gaillimhe
- Tacú leis an tiomsú airgid, le forbairt na comhpháirtíochta agus le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara
- A chinntiú go bhfuil cothromas, éagsúlacht, cuimsiú, cosaint chomh maith leis na dualgais i leith an chomhshaoil leabaithe in obair na heagraíochta
- Tacú leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann sinsearach agus úsáid á bhaint as dúshláin, comhairle agus treoir atá cuiditheach
- A chinntiú go mbíonn Ionad Ealaíon na Gaillimhe freagrach i rith an ama do na healaíontóirí, an lucht féachana, na rannpháirtithe, na maoinitheoirí, na comhpháirtithe agus don phobal i gcoitinne

Táthar ag súil go bhfeimeoidh comhaltaí an bhoird ar mhaithe le leas Ionad Ealaíon na Gaillimhe agus go seasfaidh siad le luachanna, cuspóir carthanúil agus freagrachtaí na heagraíochta.



Galway Arts Centre I Nuns Island Theatre
Photography: Tom Flanagan








From top L-R: **Cúirt International Festival of Literature** / Photography: Emilija Jefremova
***The Air We Share*, Group Exhibition** / Photography: Mark Stedman
***usual and generous ways* Group Exhibition, Gallery Lates Launch** / Photography: Boyd Challenger

# TIOMANTAS AMA

Ceaptar daoine ar an mbord ar bhonn deonach, gan aon íocaíocht, i gcomhréir le rialachas an charthanais. Féadfar costais réasúnta a aisíoc nuair is gá.

Táthar ag súil go bhfreastalóidh baill an Bhoird ar chruinnithe rialta an Bhoird, a reáchtáiltear ar líne, cé go mbíonn cruinnithe hibrideacha ó am go chéile i lár chathair na Gaillimhe. Tagann an bord le chéile idir sé agus ocht n-uaire sa mbliain, lena n-áirítear an cruinniú cinn bhliana i mí an Mheithimh. D'fhéadfadh go dtabharfaí cuireadh freisin do chomhaltaí an bhoird páirt a ghlacadh i bhfochoistí nó i ngrúpaí oibre, ag brath ar a réimse saineolais agus ar riachtanais na heagraíochta.

Moltar go mbeadh baill an bhoird ag freastal, más féidir leo, ar oscailtí taispeántais, imeachtaí, léirithe agus cláir phoiblí i rith na bliana. D'fhéadfadh go bhfaighfeá ticéid saor in aisce i rith na bliana le haghaidh roinnt seónna a bhfuil táille orthu.

Tá fhios againn go mbíonn cúraimí éagsúla oibre, rochtain, cúraim agus pearsanta ar dhaoine, agus beidh sé mar aidhm againn tacú leis an dream atá páirtíocht ar bhealach solúbtha agus cuimsitheach.



*Dopplereffekt*, Disquiet Nights
Photography: Tom Flanagan

# AN CHAOI LE HIARRATAS A DHÉANAMH

Chun do spéis a léiriú seol isteach iad seo a leanas le do thoil:

CV nó beathaisnéis ghearr atá suas chun dáta
Litir chumhdaigh, gan dul thar dhá leathanach, ag cur síos ar do spéis in Ionad Ealaíon na Gaillimhe, an taithí nó an dearcadh a chuirfeá ar fáil, agus an fáth ar mhaith leat a bheith ar an mBord.

Glacfaidh muid freisin le léirithe spéise i bhfoirm físe nó fuaime. Níor cheart go mbeidís seo níos faide ná trí nóiméad agus ba chóir go mbeadh CV nó beathaisnéis ghearr in éineacht leo.

Seol léirithe spéise chuig:
**opportunities@galwayartscentre.ie**
Cuir **An Bord, Léiriú Spéise** i líne an ábhair

Is é an **18 Meán Fómhair 2026** an spriocdháta le haghaidh iarratais.

**Má theastaíonn uait labhairt go neamhfhoirmiúil faoin ról seo sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach, téigh i dteagmháil lenár gCathaoirleach, an Dr. John Caulfield, ag john@galwayartscentre.ie**

Fáiltíonn Ionad Ealaíon na Gaillimhe roimh léirithe spéise ó dhaoine a bhfuil réimse leathan de scileanna, de thaithí agus de dhearcthaí acu. Teastaíonn uainn go mbeadh an próiseas seo chomh hinrochtana agus is féidir. Inis dúinn le do thoil má theastaíonn aon tacaíocht rochtana nó formáidí de chineálacha eile uait.






Top: ***A Sphere Of Water Orbiting A Star*** **The Otolith Group** / Photography: Tom Flanagan
Above: ***Beasts of the Modern Age*** **Red Bird Youth Collective** / Photography: Emma Zukovic

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts

GALWAY ARTS CENTRE